V

(Fógairtí)

NÓSANNA IMEACHTA A BHAINEANN LEIS AN mBEARTAS IOMAÍOCHTA A CHUR CHUN FEIDHME

AN COIMISIÚN EORPACH

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.10565 — VOLKSWAGEN / TRINITY / EUROPCAR)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2022/C 172/02)

1. An 19 Aibreán 2022, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Volkswagen Aktiengesellschaft ("VWAG", an Ghearmáin),

— Trinity Investments Designated Activity Company ("Trinity", Éire), faoi bhainistiú Attestor Limited (Ríocht Aontaithe),

— Europcar Mobility Group, S.A ("Europcar", an Fhrainc).

Gheobhaidh VWAG agus Trinity rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar Europcar ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin tairiscint phoiblí a fógraíodh an 20 Meán Fómhair 2021.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Tá VWAG gníomhach den chuid is mó i bhforbairt, i monarú agus i ndáileadh carranna paisinéirí nua, feithiclí tráchtála éadroma nua agus trucailí nua, chomh maith le soláthar seirbhísí carranna ar cíos agus seirbhísí soghluaisteachta eile,

— Is cuideachta phríobháideach infheistíochta é Trinity a bunaíodh chun deiseanna infheistíochta áirithe a shaothrú, go háirithe deiseanna infheistíochta i gcuideachtaí atá ag dul trí chéim an fháis,

— Tá Europcar gníomhach den chuid is mó i soláthar seirbhísí gearrthéarmacha carranna ar cíos, chomh maith le seirbhísí soghluaisteachta eile agus díol feithiclí úsáidte le hathdhíoltóirí.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10565 — VOLKSWAGEN / TRINITY / EUROPCAR

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË